**Réamhfhógra faoi chomhchruinniú**

**(Cás M.10568 — IIF INTERNATIONAL HOLDING / G+E GETEC HOLDING)**

**Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(2022/C 75/04)

1. An 9 Feabhra 2022 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— IIF Int'l Holding L.P. ("IFF", Oileáin Cayman), faoi rialú triúr daoine aonair (Vumindaba Dube, Henry Fayne agus Michael Nagle),

— G+E GETEC Holding GmbH ("GETEC", An Ghearmáin).

Gheobhaidh IIF rialú aonair ar GETEC ina iomláine, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is ciste infheistíochta é IIF atá speisialaithe in infheistíochtaí bonneagair,

— Soláthraíonn GETEC córais téimh, córais fhuaraithe agus córais leictreachais, agus seirbhísí fuinnimh sa Ghearmáin, san Iodáil, san Eilvéis, san Ísiltír, san Ostair, sa tSeicia, san Ungáir, sa Pholainn, sa Rómáin, sa Bheilg agus i Lucsamburg.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ([2]) ón gComhairle, ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10568 — IIF INTERNATIONAL HOLDING / G+E GETEC HOLDING

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála thíos:

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").

([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

An Coimisiún Eorpach
Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta
Clárlann na gCumasc
1049 Bruxelles/Brussel
AN BHEILG